RÚN (AE) 2022/1810 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina ndlúthchuid den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Eorpach GNSS (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis — EUSPA anois) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Eorpach GNSS don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V a ghabhann lena Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0117/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas ([1]), gurbh é EUR 35 449 479,85 buiséad críochnaitheach Ghníomhaireacht Eorpach GNSS (an "Ghníomhaireacht") don bhliain airgeadais 2020, arb ionann é agus méadú 5,54 % i gcomparáid le 2019; de bhrí gur ó bhuiséad an Aontais go príomha a thagann buiséad na Gníomhaireachta; de bhrí gurb 0,7 % a bhí sa ráta boilscithe in AE in 2020;

B. de bhrí go ndearbhaíonn an Chúirt Iniúchóirí (an "Cúirt"), ina tuarascáil ar chuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020 ("tuarascáil na Cúirte"), go bhfuair an Chúirt dearbhuithe réasúnacha go bhfuil cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta iontaofa agus go bhfuil na bun-idirbhearta dlíthiúil agus rialta;

Buiséad agus bainistíocht airgeadais

1. á thabhairt dá haire le buíochas gur tháinig ráta cur chun feidhme an bhuiséid de 100,00 % mar thoradh ar iarrachtaí faireacháin a rinneadh ar an mbuiséad le linn na bliana airgeadais 2020, arb ionann é agus an ráta céanna a bhí ann in 2019; á thabhairt dá haire thairis sin gurbh é 83,38 % ráta forghníomhaithe na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, arb ionann é sin agus laghdú 2,57 % i gcomparáid le 2019;

2. á thabhairt dá haire, gur bhainistigh an Ghníomhaireacht a bunbhuiséad agus, ina theannta sin, gur lean sí de bheith ag bainistiú cuid mhór den bhuiséad tarmligthe, go háirithe faoi Shaothrú Bhreis-seirbhíse na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí (EGNOS), faoi Shaothrú Galileo agus faoi Chomhaontuithe Tarmligin Fís 2020; á thabhairt dá haire, ina theannta sin, gur chuir an Ghníomhaireacht tús in 2020 le bainistiú a dhéanamh ar chomhaontú ranníocaíochta gníomhaíochtaí ullmhúcháin Govsatcom; á thabhairt dá haire, ina theannta sin, gur gealladh EUR 402 000 000 san iomlán in 2020 faoi bhuiséad tarmligthe agus go ndearnadh méid comhionann le EUR 753 000 000 in íocaíochtaí;

Feidhmíocht

3. á thabhairt dá haire, maidir leis na barúlacha leantacha i dtaca le héaradh seirbhísí Galileo in 2019, gur chuir an Ghníomhaireacht na moltaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha go léir a d'eisigh a bord creidiúnú slándála chun feidhme; á thabhairt dá haire freisin go bhfuil an chuid is mó de na moltaí fadtéarmacha curtha chun feidhme ag an nGníomhaireacht, ach táthar ag dréim go gcuirfidh sí na barúlacha eile i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana 2021, go háirithe iad siúd a bhaineann le feidhmiú an 3ú Saoráid Próiseála Fithiseach Sioncrónaithe agus le cothabháil an bhailíochtaithe agus aistriú slabhra oibriúcháin; á iarraidh ar an nGníomhaireacht tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh ar na forbairtí ina leith sin;

4. á thabhairt dá haire, in ainneoin na ndúshlán a d'eascair as paindéim COVID-19, gur dhearbhaigh an Ghníomhaireacht go bhfuil Seirbhís Galileo nasc aisfhillte ag feidhmiú; á thabhairt dá haire gur éirigh leis an nGníomhaireacht meicníocht pálasta EGNOS GEO-3 a thabhairt isteach in 2020;

([1]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 107.

5. á mheabhrú, de réir Thuarascáil Speisialta 22/2020 ón gCúirt maidir le Todhchaí na nGníomhaireachtaí ("Tuarascáil Speisialta ón gCúirt"), go bhfuil neamhspleáchas an-teoranta ag an nGníomhaireacht go hiarbhír maidir lena príomhchúram chun leas a bhaint as an gcóras domhanda um loingseoireacht satailíte de chuid Galileo faoi chomhaontú tarmligin leis an gCoimisiún; á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar neamhspleáchas na Gníomhaireachta, go háirithe maidir lena hinniúlachtaí chun an comhaontú tarmligin a chur chun feidhme trí roinnt conarthaí casta le comhpháirtithe tionsclaíocha agus le heintitis san earnáil phoiblí; á iarraidh ar an nGníomhaireacht tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh ina leith sin;

6. á thabhairt dá haire, maidir leis na barúlacha leantacha ó bhlianta roimhe sin, gur ghlac an Ghníomhaireacht straitéis nua teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus straitéis um shlándáil TFC, mar aon le beartas um shlándáil TFC agus a rialacha cur chun feidhme sa dara ráithe de 2020; á thabhairt dá haire freisin gur fhormheas an Ghníomhaireacht i mí Lúnasa 2020 clár um chlaochlú digiteach, i ndáil leis an gclaochlú ó Ghníomhaireacht Eorpach GNSS go Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chlár an Spáis (EUSPA), agus é mar aidhm aige timpeallacht oibre na Gníomhaireachta a nuachóiriú, na féidearthachtaí a bhaineann le teilea-oibriú le faisnéis rúnaicmithe AE a leathnú, mar aon leis an leibhéal slándála a mhéadú a léirítear san ardmhian cumais chibearchosanta 24/7 a bhunú in éineacht leis na córais nua-aimseartha;

7. á thabhairt dá haire, de réir na Tuarascála Speisialta ón gCúirt, go gcaithfidh an Ghníomhaireacht feabhas suntasach a chur ar a comhar leis na Ballstáit, le gníomhaireachtaí eile agus go hidirnáisiúnta; á iarraidh ar an nGníomhaireacht comhar agus comhroinnt eolais níos fearr a fhorbairt leis na Ballstáit uile; á iarraidh ar an nGníomhaireacht tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh ina leith sin;

Beartas foirne

8. á thabhairt dá haire gur cuireadh an plean bunaíochta 100 % chun feidhme faoin 31 Nollaig 2020, agus 150 gníomhaire sealadach ceaptha as 150 gníomhaire sealadach a bhí údaraithe faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 139 bpost údaraithe in 2019); á thabhairt dá haire, ina theannta sin, gur oibrigh 65 ghníomhaire ar conradh agus 7 saineolaí náisiúnta ar iasacht don Ghníomhaireacht in 2020;

9. á thabhairt dá haire, agus is ábhar imní di, an chothromaíocht inscne laistigh d'ardbhainistíocht na Gníomhaireachta, inar fir iad triúr as gach triúr (100 %) agus laistigh de bhord riaracháin na Gníomhaireachta, inar fir iad 24 as 28 gcomhalta (85,7 %); á thabhairt dá haire thairis sin, agus is ábhar imní di, an chothromaíocht inscne i measc fhoireann iomlán na Gníomhaireachta, inar fir iad 135 as 202 bhall (66,8 %); á chur in iúl gur mór aici iarrachtaí na Gníomhaireachta cothromaíocht inscne a fheabhsú ó 7 % in 2017 go 33 % in 2020 i dtaca le hionadaithe na mban atá i bpoist ardbhainistíochta; á iarraidh in athuair ar an nGníomhaireacht bearta breise a ghlacadh a luaithe is féidir d'fhonn cothromaíocht inscne níos fearr a áirithiú laistigh dá hardbhainistíocht; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht inscne a áirithiú a chur san áireamh nuair a bheifear ag ainmniú a gcomhaltaí do bhord riaracháin na Gníomhaireachta; á mheabhrú don Ghníomhaireacht go bhfuil tábhacht ag roinnt le scileanna, eolas agus taithí, agus freisin le cothromaíocht gheografach agus inscne i measc baill foirne, agus iarrthóirí á roghnú;

10. á chur in iúl gur oth léi, maidir leis an obair leantach ó bharúlacha urscaoilte 2019, na héagothromaíochtaí geografacha atá fós ann i gcomhdhéanamh fhoireann na Gníomhaireachta, go háirithe ar na leibhéil meánbhainistíochta agus bainstíochta sinsearaí; á iarraidh ar an nGníomhaireacht ionadaíocht chothromais náisiúnaigh ó na Ballstáit go léir, agus inniúlachtaí agus tuillteanais na n-iarrthóirí á n-urramú ag an am céanna mar a shonraítear in Airteagal 27 de na Rialacháin Foirne Oifigigh;

11. á chur in iúl gur ábhar imní di go bhfuil an Ghníomhaireacht ag streachailt chun baill foirne a bhfuil an saineolas teicniúil is gá acu a earcú agus chun ganntanas post nó saineolaithe náisiúnta a chúiteamh, agus gur mó a sheachfhoinsíonn an Ghníomhaireacht cúraimí lárnacha chuig conraitheoirí príobháideacha, a bhféadfadh sí a bheith spleách orthu ansin; á iarraidh ar an gCoimisiún an staid a scrúdú go cúramach agus na hacmhainní is gá a thabhairt don Ghníomhaireacht chun an fhoireann is gá a earcú; á iarraidh ar an gCoimisiún tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh ina leith sin;

12. á chur in iúl gur ábhar imní di méid mór bhord bainistíochta na Gníomhaireachta a fhágann go bhfuil sé deacair cinntí a dhéanamh agus a ghineann costais shuntasacha riaracháin;

13. á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil gach CV de chuid chomhaltaí an bhoird riaracháin foilsithe fós ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta; á iarraidh ar an nGníomhaireacht tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh ar na gníomhaíochtaí atá déanta ina leith sin;

14. á thabhairt dá haire, tar éis na caibidlíochta a rinneadh in 2020 as ar eascair glacadh Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), gur athraíodh an Ghníomhaireacht go EUSPA i mí na Bealtaine 2021 le sraith mhéadaithe croíchúraimí agus cúraimí tarmligthe agus ráiteas nua airgeadais reachtach EUSPA gaolmhar; á thabhairt dá haire go n-áirítear leis an gclaochlú seo athlonnú 251 ghníomhaire sealadach agus 34 bhall foirne ar conradh faoi 2023; á thabairt dá haire go bhféadfadh na hathruithe sin bac a chur ar chinnteoireacht agus costais shuntasacha riaracháin a chruthú; á iarraidh ar an nGníomhaireacht tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir leis na rioscaí a bhaineann le hoibríochtaí na Gníomhaireachta agus na bearta maolaitheacha a ghlac an Ghníomhaireacht;

15. á chur in iúl gur geal na hiarrachtaí a rinneadh sa bheartas foirne chun teilea-obair agus saol folláin a chur chun cinn agus ag leanúint den Institiúid a spreagadh chun forbairt a dhéanamh ar chreat beartais fadtéarmach maidir le hacmhainní daonna lena dtugtar aghaidh ar chothromaíocht oibre is saoil, ar threoir ar feadh an tsaoil agus ar fhorbairt ghairme, ar chothromaíocht inscne, ar theilea-obair, ar chothromaíocht gheografach agus ar earcaíocht agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumais;

Soláthar

16. á thabairt dá haire gur bhainistigh an Ghníomhaireacht cúig nós imeachta soláthair san iomlán idir 2017 agus 2020, a chuimsíonn na tionscadail DISPATCH agus PRISMA; á chur in iúl gur geal léi go raibh 100 % dá conarthaí pleanáilte i bhfeidhm agus in am ag an nGníomhaireacht in 2020;

17. á thabhairt dá haire, maidir leis an obair leantach ar chinntí na Cúirte ón mbliain seo caite, go bhfuil bearta glactha ag an nGníomhaireacht chun modúil ríomhsholáthair agus ríomhaighneachta a chur chun feidhme mar uirlisí soláthair i mbainistíocht a cuid gníomhaíochtaí, go háirithe maidir le soláthar riaracháin is féidir a chur chun feidhme trí thairiscintí oscailte; á thabhairt dá haire go bhfuil oiliúint thiomanta curtha ar fáil ag an nGníomhaireacht agus go bhfuil gealltanais riaracháin curtha i gcrích lena húsáid; á iarraidh ar an nGníomhaireacht tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh ar na forbairtí ina leith sin;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú agus trédhearcacht

18. ag aithint bearta reatha agus iarrachtaí leanúnacha na Gníomhaireachta chun trédhearcacht a áirithiú agus chun cosc agus bainistíocht coinbhleachtaí leasa a áirithiú. á thabhairt dá haire go raibh cás sceithireachta amháin ag an nGníomhaireacht le linn 2020 a chuimsigh tuairiscí sceithireachta comhchosúla a rinneadh arís agus arís eile do gheallsealbhóirí iolracha; á thabairt dá haire gur tharla imscrúduithe mar thoradh ar an gcás inar aimsíodh go raibh na héilimh sceithireachta gan bhunús;

Rialú inmheánach

19. á thabairt dá haire ón obair leantach agus ó thuarascáil na Cúirte go bhfuil an baol ann go bhféadfaí íocaíochtaí na Gníomhaireachta leis an nGníomhaireacht Eorpach Spáis (GES) i ndáil le cur chun feidhme chláir EGNOS agus GALILEO a ríomh ar bhonn costais mhíchruinne toisc nach bhfuil straitéis chuimsitheach *ex-ante* ná *ex-post* ann; á thabhairt dá haire ón bhfreagra a thug an Ghníomhaireacht maidir le rialuithe *ex-ante* gur sholáthair an Ghníomhaireacht modheolaíocht nuashonraithe um thuairisciú costas don Chúirt agus gur léirigh sí freisin go n-úsáideann sí deimhnithe GES um ghnóthú garspriocanna chun na costais a éilítear ó GES a réiteach; á thabairt dá haire ón bhfreagra a thug an Ghníomhaireacht, maidir leis an straitéis rialaithe *ex-post*, go bhfuil an Ghníomhaireacht agus Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um an Tionscal Cosanta agus an Spás ag iniúchadh ghníomhaíocht GES in 2020; á iarraidh ar an nGníomhaireacht torthaí an iniúchta sin a thuairisciú agus na ceachtanna a foghlaimíodh a ionchorprú i straitéis *ex-post* amach anseo;

20. á chur in iúl gur geal léi cur i bhfeidhm a creata rialaithe inmheánaigh agus ceadú a plean leanúnachais gnó in 2020, a bhí ina ábhar d'fhiosrúcháin leantacha ag an gCúirt ó 2015;

([2]) Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).

21. á thabhairt dá haire gur sholáthair Seirbhís an Choimisiúin um Iniúchóireacht Inmheánach (IAS) tuarascáil iniúchóireachta ar Shaothrú EGNOS i mí na Samhna 2019 ina raibh cúig mholadh thábhachtacha agus saincheist amháin aitheanta le haghaidh breithniú; á thabairt dá haire ó fhreagra na Gníomhaireachta go bhfuil na moltaí ar feitheamh athbhreithniú IAS; á iarraidh ar an nGníomhaireacht tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh ar an dul chun cinn atá déanta ina leith sin;

22. á thabairt dá haire, maidir le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta chun obair leantach a dhéanamh ar urscaoileadh 2019 an údaráis um urscaoileadh, go ndearna an cumas iniúchóireachta inmheánaí iniúchadh ar "Fhorbairt Acmhainne fhoireann an GSA" in 2019, agus cé nár tugadh an tuarascáil chun críche in 2019, bhí sé beartaithe moladh amháin an-tábhachtach agus ceithre mholadh thábhachtacha a chur san áireamh; á iarraidh ar an nGníomhaireacht tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na moltaí sin;

Freagairt ar COVID-19 agus leanúnachas gnó

23. á thabhairt dá haire gur aistríodh imeachtaí seachtracha na Gníomhaireachta ar líne, rud a thug deis, mar gheall ar na srianta fisiceacha arna bhforchur ag paindéim COVID-19, chun teacht ar phobail úsáideoirí nua agus chun dul ar fud an domhain, de réir mar a tharla don Ardán Comhairliúcháin Úsáideoirí, agus don tSeachtain Eorpach Spáis a bhíonn ar siúl ar bhonn bliantúil, a mheall níos mó ná 3 000 rannpháirtí ó níos mó ná 100 tír;

Barúlacha eile

24. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé digiteáil na gníomhaireachta a mhéadú ó thaobh oibriú agus bainistiú inmheánach de ach freisin chun dlús a chur le digiteáil nósanna imeachta; á chur i bhfáth gur gá don ghníomhaireacht leanúint de bheith réamhghníomhach i ndáil leis sin chun bearna dhigiteach idir na gníomhaireachtaí a sheachaint ar ais nó ar éigean;

25. á thabhairt dá haire ó fhreagraí na Gníomhaireachta ar a tuarascáil ar urscaoileadh 2019 go bhfuil sraith beart curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht in 2020 chun an chibearshlándáil a mhéadú lena n-áirítear cur i bhfeidhm chlár Slándála Splunk Enterprise, glacadh lena Straitéis Slándála TFC agus cur chun feidhme an Bhainistíochta Gléasanna Soghluaiste, atá bunaithe ar Microsoft Intune;

26. á thabhairt dá haire óna freagraí ar cheistneoir caighdeánach na Parlaiminte go bhfuil an Ghníomhaireacht ag cur roinnt beart i bhfeidhm chun spás oibre atá inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a áirithiú, amhail a rannpháirtíocht sa chreat conarthach agus comhordaithe de chuid na Scéime um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil, cur chun feidhme na gcleachtas athchúrsála. agus forálacha sonracha a bhaineann leis an gcomhshaol a áireamh i ngach conradh nua;

27. á thabhairt dá haire go bhfuil áitreabh nua á lorg ag an nGníomhaireacht dá ceanncheathrú i bPrág; á thabhairt dá haire go bhfuil láithreáin eile le haghaidh na Gníomhaireachta á dtógáil agus á n-athchóiriú sa Fhrainc agus sa Spáinn; á thabhairt dá haire go dtuairiscíonn an Ghníomhaireacht go gcloíonn sí leis na caighdeáin chomhshaoil náisiúnta agus an mhodheolaíocht is déanaí maidir leis na tionscadail athchóirithe agus tógála sin;

28. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([3]) maidir le feidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([3]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.